ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní gníomhaíocht próiseála táirgí talmhaíochta í gníomhaíocht próiseála táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, amhail trosc saillte, trosc reoite agus trosc díshaillte, atá eisiata ó raon feidhme Rialachán Uimh. 651/2014 de bhua Airteagal 1(3)(c) den Rialachán sin, ach gníomhaíocht a thagann faoi chuimsiú earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, atá eisiata ó raon feidhme an Rialacháin sin mar gheall ar Airteagal 1(3)(a) de.

(1) IO C 165, 19.4.2022.

---

**Achomharc arna thabhairt an 19 Lúnasa 2022 ag Vtesse Harlow Ltd i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Chéad Dlísheomra) an 14 Meitheamh 2022 i gCás T-64/22, Vtesse Harlow v an Coimisiún**

**(Cás C-559/22 P)**

(2023/C 54/17)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Achomharcóir:* Vtesse Harlow Ltd (ionadaí: H. Mercer KC)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

Le hordú an 19 Nollaig 2022, chinn an Chúirt Bhreithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) go ndíbhtear don achomharc mar is léir nach bhfuil aon bhunús sa dlí leis agus go n-íocfaidh Vtesse Harlow Ltd a chostais féin.

---

**Caingean arna tabhairt an 15 Nollaig 2022 — an Coimisiún Eorpach v Poblacht na Laitvia**

**(Cás C-762/22)**

(2023/C 54/18)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: R. Tricot agus I. Rubene)

*Cosantóir:* Poblacht na Laitvia

### An t-ordú atá á lorg

— Go ndearbhófar, trí mhainneachtain na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin uile is gá a ghlacadh, faoin 6 Feabhra 2018, chun Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a eascraíonn as nochtadh don radaíocht ianaithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom [1] a chomhlíonadh, nó, ar aon nós, trí mhainneachtain iad a chur in iúl don Choimisiún, gur mhainnigh Poblacht na Laitvia na hoibleagáidí atá uirthi de bhun Airteagal 106 den Treoir sin a chomhlíonadh.

— Go n-ordófar do Phoblacht na Laitvia na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

I gcomhréir le hAirteagal 106 de Threoir 2013/59, níorbh mhór do na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir sin a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 6 Feabhra 2018 ar a dhéanaí. Níorbh mhór do na Ballstáit, thairis sin, téacs na bhforálacha bunúsacha den dlí náisiúnta a nglacfaidís siad sa réimse a rialaítear leis an Treoir sin a chur in iúl don Choimisiún.